Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# An tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta

## 19 - 21 Deireadh Fómhair 2020

**'Ag Fanacht Ceangailte agus muid ag Fanacht Amach óna Chéile'**

Social Inclusion Unit
Aonad um Chuimsiú Sóisialta

## Foirm Iarratais

| | |
|---|---|
| Ainm an Ghrúpa Pobail: | |
| Ainm an Duine Teagmhála le haghaidh Comhfhreagrais: | |
| Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais: | |
| Seoladh Ríomhphoist le haghaidh Comhfhreagrais: | |
| Uimhir Ghutháin le haghaidh Comhfhreagrais: | |
| An bhfuil d'Eagraíocht cláraithe leis an PPN? | Tá ☐ Uimh. Cláraithe __________________ Níl ☐ |
| Uimhir Thagartha Cánach Uimhir Chláraithe an Charthanais | |
| Inis dúinn faoi do Ghrúpa: | |
| Inis dúinn faoin smaoineamh nó tionscadal atá beartaithe agaibh a bhaineann le téama na bliana seo 'Ag Fanacht Ceangailte'. | |
| Céard dó a n-úsáidfidh sibh an maoiniú? | **Cur síos ar Chostas:** **Méid €** |
| **AN tSUIM ARNA ÉILEAMH:** | **€** |

| Cur síos ar Chostas | Méid € |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| **IOMLÁN** | **€** |

**Deimhním, thar ceann an Ghrúpa/na hEagraíochta:**

1. Go bhfuil na Téarmaí & Coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú seo léite agam agus go dtuigim iad agus go nglacaim leo.
2. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas seo fíor agus cruinn.
3. Tugaim toiliú do Chomhairle Chontae na Gaillimhe mo chuid faisnéise a phróiseáil agus a nochtadh chuig tríú páirtithe eile más gá sin chun críocha riaracháin maoinithe, measúnú tuairiscithe agus iniúchta, agus tugaim toiliú chomh maith do na páirtithe sin an fhaisnéis sin a nochtadh (ainm na heagraíochta atá ag déanamh iarratais, méid an deontais a ceadaíodh, sonraí maidir leis an tionscadal/imeacht a maoiníodh) chun margaíocht a dhéanamh ar an maoiniú seo agus é a chur chun cinn.
4. Deimhním go bhfuil clúdach árachais leordhóthanach agus cuimsitheach againn chun ár gcuid gníomhaíochtaí a chlúdach, agus comhaontaím Comhairle Chontae na Gaillimhe a shlánú.
5. Tuigim gur próiseas iomaíoch é seo agus aontaím glacadh leis an gcinneadh deiridh a dhéanfar nuair a bheidh measúnú déanta ar m'iarratas.

Ní mór don Chathaoirleach, Rúnaí nó Cisteoir an Dearbhú seo a shíniú, thar ceann an Ghrúpa Iarratasóra:

| | |
|---|---|
| Ainm (i mbloclitreacha): | |
| Sínithe ag: | |
| Do phost san Eagraíocht atá ag déanamh iarratais: | |
| Dáta: | |

**Seol d'iarratas comhlánaithe ar aghaidh ar an bpost chuig**

**An tAonad um Chuimsiú Sóisialta, An Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX,**

**nó ar ríomhphost chuig** inclusion@galwaycoco.ie **(b'fhearr linn iarratais a fháil ar an mbealach seo – sínigh an fhoirm ar dtús le do thoil, déan í a scanadh ansin agus a sheoladh ar ríomhphost chugainn.**

**Seo thíos an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe**
**4:00 p.m. Dé hAoine an 2 Deireadh Fómhair 2020**

# An tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta 2020

**'Ag Fanacht Ceangailte agus muid ag Fanacht Amach óna Chéile'**

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Social Inclusion Unit
Aonad um Chuimsiú Sóisialta

## Treoirlínte d'Iarratasóirí

| |
|---|
| **Céard faoi í?** |
| Is é is aidhm leis an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta feasacht agus tuiscint a ardú maidir le hionchuimsiú agus éagsúlacht i gContae na Gaillimhe. Baineann sé le haird a tharraingt ar an obair dhearfach a thugann grúpaí pobail agus grúpaí deontais fúthu chun eisiamh sóisialta, aonrú sóisialta agus bochtaineacht a laghdú. |
| **Cad is féidir liom a dhéanamh?** |
| Is é 'Ag Fanacht Ceangailte agus muid Ag Fanacht Amach óna Chéile' téama na bliana seo agus baineann sé le béim a leagan ar an mbealach a bhfuilimid ábalta fanacht ceangailte agus ábalta leanúint de bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí pobail ag an tráth seo. Iarraimid ar ghrúpaí a insint dúinn mar atá sibh ag 'fanacht ceangailte' nó mar atá beartaithe agaibh 'fanacht ceangailte' in bhur bpobail i mbliana. D'fhéadfadh sibh tionscadail a bhaineann leis an gcruthaitheacht, le folláine fhisiciúil agus mheabhrach, agus le bheith ag fanacht ceangailte a chur san áireamh i bhur n-iarratas. Smaointe eile: Pacáistí gníomhaíochta, pacáistí cúraim, comórtais áitiúla, seirbhísí chun cairde a dhéanamh, imeachtaí ar líne. |
| **Cén lá?** |
| Beidh Seachtain um Ionchuimsiú Sóisialta 2020 Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar siúl ón 19 Deireadh Fómhair go dtí an 25 Deireadh Fómhair. D'fhéadfadh do thionscadal ionchuimsithe shóisialta a bheith ar siúl le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna. |
| **Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?** |
| Fáilteofar roimh iarratais ó ghrúpaí pobail, ó ghrúpaí deontais agus ó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha i gContae na Gaillimhe. |
| **Cé nach féidir iarratas a dhéanamh?** |
| Daoine aonair, eagraíochtaí tráchtála, eagraíochtaí brabúsacha, nó iarratais ó ghrúpaí pobail atá lonnaithe taobh amuigh de Chontae na Gaillimhe. |
| **Cé mhéid maoinithe atá ar fáil?** |
| Beidh deontais bheaga suas go dtí €400 an tionscadal ar a mhéid ar fáil. Is féidir an deontas seo a úsáid chun costas na n-ábhar, an trealaimh nó na n-acmhainní atá de dhíth don tionscadal a chlúdach. |
| **Conas mar a dhéanfar iarratais a mheas?** |
| Déanfar gach iarratas a mheas ar bhonn aonair. Tabharfar tús áite do thionscadail a dhéanfaidh freastal ar na daoine nach bhfuil rannpháirteach ina bpobail; do thionscadail a chuireann inrochtaineacht; lánpháirtiú; uilechuimsitheacht shóisialta chun cinn. |
| **Le hIarratas a Dhéanamh** |
| Déan cinnte go bhfuil na treoirlíne léite go cúramach agat agus go bhfuil do thionscadal incháilithe do mhaoiniú. Freagair gach ceist ar an bhfoirm iarratais. Ní cheadaítear ach iarratas amháin ó ghrúpa. |
| **Tairiscint Deontais a Ghlacadh** |
| Eiseofar Litir Tairisceana deontais d'iarratasóirí a d'éirigh leo faoin 9 Deireadh Fómhair agus beidh an Fhoirm Éilimh Deontais leis. Ní mór na foirmeacha seo, chomh maith le cóipeanna d'fháltas i leith na gcostas a thabhófar a chur ar aghaidh roimh an 30 Samhain 2020. Ní íocfar deontais go dtí go mbeidh an cháipéisíocht seo faighte. Mura mbeidh foirm éilimh nó freagra faighte ón iarratasóir roimh an 30 Samhain forghéillfear an deontas. |
| *Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil linn ar inclusion@galwaycoco.ie nó glaoigh ar an uimhir 091 509521.* |